Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13818/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0337(BUD)**

FIN 1111

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13627/22 (COM(2022) 665 final) |
| Ábhar: | Cinneadh o Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ghearmáin, don Bheilg, don Ísiltír, don Ostair, do Lucsamburg, don Spáinn agus don Ghréig i ndáil leis na tubaistí nádúrtha a tharla sna tíortha sin le linn 2021 |

1. An 14 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le EUR 718.48 milliún a shlógadh ó Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí, lena n-áirítear EUR 6.29 milliún mar réamhíocaíocht, agus an togra le haghaidh aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 20/2021 ag gabháil leis[1].

   Is é is cuspóir don togra sin cúnamh airgeadais a chur ar fáil don Ghearmáin (EUR 612.61 milliún), don Bheilg (EUR 87.74 milliún), don Ísiltír (EUR 4.71 milliún), don Ostair (EUR 0.80 milliún), do Lucsamburg (EUR 1.82 milliún), don Spáinn (EUR 9.45 milliún) agus don Ghréig (EUR 1.35 milliún) mar thoradh ar thubaistí nádúrtha a tharla sna tíortha sin le linn 2021.

[1] 13628/22.

2. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra sin ag an gcruinniú a bhí aige an 25 Deireadh Fómhair 2022 agus bhí sé in ann é a fhormheas.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh, mar a leagtar amach in 13819/22.